# Uirlis Sórtála – Iolraithe agus Fachtóirí

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas - uimhirtheoiric<br>Sonraí - sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Comhtháthú - Teanga* |
| **Scileanna Forbartha** | • Réasúnaíocht - patrúin agus coibhneasa matamaiticiúla a chuardach agus a iniúchadh, déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh, hipitéisí a cheapadh agus trialacha a dhéanamh chun iad a thástáil<br>• Cur i bhfeidhm - straitéisí meabhracha agus bealaí oibre a chumadh agus a úsáid chun tascanna matamaiticiúla a chomhall |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sórtáil, Léaráid Venn, Léaráid Carroll, crann cinnteoireachta, uimhir phríomha, uimhir ilchodach, uimhir chearnach, uimhir dhronuilleogach, ré-uimhir, corruimhir, iolraí, fachtóir, níos mó, níos lú, palandróm |
| **Áiseanna** | Uirlis Sórtála Mol Mata, cártaí digite |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Agus uimhreacha 0-99 á bhfiosrú acu, sórtálann daltaí uimhreacha. Roghnaíonn siad a gcritéir féin agus léaráid sórtála. Critéir fhéideartha ná:

- corruimhreacha/ré-uimhreacha
- níos mó ná/níos lú ná
- fachtóirí/iolraithe
- uimhreacha príomha/triantánacha/cearnacha/ciúbaithe/dronuilleogacha
- palandróim

Is féidir an Uirlis Sórtála Mol Mata nó léaráidí priontáilte a úsáid chun an rud seo a dhéanamh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Is féidir leis na daltaí triail a bhaint as uimhreacha trí dhigit agus ceithre dhigit. D'fhéadfadh siad triail a bhaint as codáin, deachúlacha agus uimhreacha measctha. Ansin, is féidir leo ráitis 'fíor i gcónaí', 'fíor uaireanta', agus 'fíor riamh', nó conclúidí a chruthú, bunaithe ar an gcaoi ar shórtáil siad a gcuid uimhreacha. Mar shampla, 'is iolraithe ar 2 iad na hiolraithe ar fad ar 4'. Is féidir na hipitéisí a thástáil, agus is féidir leis na daltaí fiosrúchán a dhéanamh thar thréimhse níos faide, agus a gcuid conclúidí a athrú de réir mar a aimsíonn siad fíricí nua.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cé mhéad caoi ar shórtáil tú d'uimhreacha?<br>• Cén t-airí atá i bpáirt ag an ngrúpa seo uimhreacha?<br>• Cé mhéad uimhir atá réidh agus cearnach?<br>• Cén t-airí is coitianta/neamhchoitianta? | • Conas a shórtáil tú d'uimhreacha?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú an léaráid sórtála seo?<br>• Conas atá a fhios agat go bhfuair tú na féidearthachtaí ar fad maidir le sórtáil?<br>• Cad iad na patrúin a thugann tú faoi deara?<br>• Cad iad na ráitis nó rialacha is féidir leat a chruthú bunaithe ar na huimhreacha a shórtáil tú? |

## Difreáil

Socraigh uimhreacha, critéir nó léaráid sórtála de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.